SÁBHÁILTEACHT I gCÁS TUILTE

Oibrigh leis na seirbhísí éigeandála agus na húdaráis áitiúla i gCÓNAÍ
D'ainneoin na réamhchúram go léir, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach duit fós imeacht ó do theach nó do ghnó.

- Bíodh socrú déanta agat le haghaidh áite ar féidir leat fanacht inti.
- Bíodh éadaí uiscedhíonacha teo agus buataisí rubair réidh agat.
- Bíodh cógais in aice láimhe agat (má theastaíonn iad)
- Seiceáil an bhfuil dóthain uisce agus bia agat

Sábháilteacht Phearsanta

- Ná déan iarracht siúl, rothaíocht nó tiomáint trí huisce tuile
- Seachain turas a dhéanamh, más féidir
- Más gá duit imeacht ó d'fheithicil, bí ag faire amach do shruthanna láidre agus smionagar
- Seachain teagmháil le huisce tuile más féidir mar d'fhéadfadh go mbeadh sé éillithe nó truaillithe
- D'fhéadfadh go mbeadh guaiseacha ar nós chlúdaigh dhúnphoill scaoilte agus smionagar ceilte in uisce tanaí
- Coinnigh amach ó chosaintí farraige agus tuile
- Bíodh fón póca agat i gcónaí i gcás go mbeadh ort cabhair a lorg. Glaoigh ar 112 nó 999 i gcás éigeandála

Is féidir comhairle d'úsáideoirí bóthair i gcás aimsire crua a fháil ag **www.rsa.ie**

Fíricí faoi Thuilte
Má tá uisce ann a shreabhann go tapa agus a bhfuil doimhneacht de fiú 30mm (aon troigh amháin) air is féidir leis an gcuid is mó de ghluaisteáin a bhogadh ón mbóthar.

MEABHRÚCHÁN SÉIMH DO THUISMITHEOIRÍ AGUS DO LEANAÍ SCOILE: SEICEÁIL AR DO CHUID GAOLTA AGUS COMHARSANA

- Cuir glaoch orthu nó buail isteach orthu
- Déan cinnte go bhfuil dóthain breosla, bia agus cógas acu
- Má tá imní ort fúthu cuir glaoch ar na Gardaí agus iarr orthu seiceáil orthu

Cuimhnigh

- Déan Plean Tuile
- Bíodh sonraí do Theagmhálaithe Éigeandála ar eolas agat
- D'ullmhaigh do Theach/Ghnó/d'Fheirm
- Déan cinnte go bhfuil a ról ar eolas ag gach duine
- Bí Sábháilte!

Tá tuilleadh eolais le fáil ó:

- www.flooding.ie
- www.emergencyplanning.ie
- www.winterready.ie
- www.met.ie
- www.maps.opw.ie
- www.floodmaps.ie
- www.gov.ie/tag/local-authorities

BÍ ULLAMH DON GHEIMHREADH

TUILTE

Eolas Praiticiúil i gcás Drochaimsire



LoCall: 1890 252 736 or 0761 001 608
e-mail: oep@defence.ie

www.winterready.ie
@emergencyIE

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning, Community and Local Government

An Roinn Cosanta
Department of Defence
An Oifig um Pleanáil Eigeandála
Office of Emergency Planning

OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
The Office of Public Works

MET éireann

PLEANÁIL

Tá tuilte i measc na bhfórsaí is milltí sa nádúr agus tá cineál éigin díobh feicthe ag an gcuid is mó de chontaetha in Éirinn.

Tá daoine ag obair ar gach leibhéal den rialtas chun tionchar tuilte a mhaolú. Tá ról tábhachtach le glacadh ag daoine aonair agus pobail freisin, áfach.

An bhfuil cónaí ort i gceantar atá i mbaol tuilte?

- Chun eolas a fháil ó fhoinsí áitiúla, labhair le do chomharsana agus le lucht d'údaráis áitiúil.
- Tá léarscáileanna ag an OPW a thaispeánann ceantair a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuilte ag **www.maps.opw.ie**

Má tá cónaí ort i gceantar atá i mbaol tuilte, is féidir leat tionchar tuile a laghdú go mór tríd an am a thógáil chun ullmhú roimh ré:

- Déan plean tuile i gcomhair do theaghlaigh nó ghnó ionas go mbeidh a fhios ag gach duine cad a bheadh le déanamh acu agus cá háit a rachaidís i gcás tuile
- Déan fearas tuile agus déan cinnte go bhfuil a fhios ag gach duine cá bhfuil sé
- Seiceáil an bhfuil árachas tuile agat agus smaoinigh an bhfuil aon fheabhsúcháin fhisiceacha a d'fhéadfá a dhéanamh ar do theach/d'fheirm/d'áit ghnó ionas go laghdófaí an seans go ndéanfaí dochar dó de bharr tuilte

Féach ar **www.flooding.ie** chun comhairle phraiticiúil a fháil le haghaidh tithe, gnóthas agus feirmeacha

FOLD

BÍ ULLAMH

Ba cheart go mbeadh na nithe seo sa leanas i ngnáthphlean tuile le haghaidh do thí:

- Uimhreacha Éigeandála—bíodh leagan phriontáilte agat agus stóráil go leictreonach ar d'fhón iad
- Liosta de na hearraí is luachmhaire atá agat—bíodh a fhios agat cá háit a bhfuil siad ionas gur féidir leat iad a bhogadh chuig áit shábháilte go tapa
- Stóráil cáipéisí luachmhara i gcoimeádán uiscedhíonach—pasanna, teastais bhreithe, polasaí árachais, etc.
- Gás agus Leictreachas—bíodh a fhios agat cá háit ar féidir leat iad a stopadh
- Bíodh áit socraithe agat roimh ré ar féidir leat do ghluaisteán a bhogadh chuici má tá neart ama agat

Seo a leanas na nithe ar cheart a bheith i d'fhearas tuile: tóirse, roinnt éadaí teo agus uiscedhíonacha, ceallra nó raidió tochrais, lámhainní rubair, buataisí rubair, fearas garchabhrach, pluideanna agus nithe riachtanacha do pháistí, má theastaíonn.

Bain triail as do phlean tuile. Déan cinnte go bhfuil a fhios ag gach duine cad atá le déanamh agus cad atá sábháilte le déanamh.

FOLD

EACHTRA TUILTE

Ba cheart duit an nuacht agus na réamhaisnéisí aimsire áitiúla a sheiceáil agus aird a thabhairt ar rabhaidh faoi aimsir chrua a eisítear. Bí réidh le haon phleananna a chur I bhfeidhm atá déanta agat le déileáil le tuilte i do cheantar lena n-áirítear:

Istigh agus Amuigh

- Bog earraí luachmhara agus earraí eile chuig áit shábháilte os cionn leibhéal an tuile nó suas staighre más féidir
- Díscoir meaisíní níocháin agus miasniteoirí
- Cuir málaí gainimh in oscailt ar bith áit a bhféadfadh an t-uisce teacht isteach
- Cas as an gás agus an leictreachas
- Bog feithiclí chuig talamh ard más féidir
- Coimeád aon cheimiceáin nó bhreoslaí i do gharáiste i gcoimeádáin uiscedhíonacha agus bog iad chun déanamh cinnte nach ndoirtear isteach san uisce tuile iad áit a bhféadfaidís dochar a dhéanamh
- Bog beostoc agus peataí chuig áit shábháilte

Tar éis Tuile

Bí cúramach i gcónaí agus tú ag dul isteach i do theach/d'áit ghnó tar éis tuile toisc go bhféadfadh go mbeadh dochar déanta don struchtúr nó go mbeadh éilliú ann mar thoradh ar uisce tuile.

Déan taifead d'aon dochar a rinneadh (le grianghraf agus físeán) agus seiceáil le do chomhlacht árachais cad atá clúdaithe ag do pholasaí.

Bí Ullamh do Thuilte sa Gheimhreadh